Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15573/17**

**DEVGEN 291**
**ACP 145**
**RELEX 1097**
**FIN 832**
**WTO 309**
**ENV 1056**
**COHOM 161**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Nollaig 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15498/17 |
| Ábhar: | Rathúnas Cuimsitheach agus Inbhuanaithe a bhaint amach tríd an Trádáil agus an Infheistíocht: Straitéis chomhpháirteach an Aontais maidir le cúnamh don trádáil a nuashonrú<br>- Conclúidí ón gComhairle (11 Nollaig 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le Rathúnas Cuimsitheach agus Inbhuanaithe a bhaint amach tríd an Trádáil agus an Infheistíocht: Straitéis chomhpháirteach an Aontais maidir le cúnamh don trádáil a nuashonrú, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3587ú cruinniú a bhí aici ar an 11 Nollaig 2017.

**Conclúidí ón gComhairle**

**Rathúnas Cuimsitheach agus Inbhuanaithe a bhaint amach tríd an Trádáil agus an Infheistíocht:**

**Straitéis chomhpháirteach an Aontais maidir le cúnamh don trádáil a nuashonrú**

1. Is bealach fíor-riachtanach é cúnamh don trádáil (AfT) chun clár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe a chur chun feidhme agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Mar a cuireadh i dtreis sa chomhdhearcadh Eorpach maidir le forbairt[1], cuirfidh an tAontas gona Ballstáit AfT chun cinn chun bochtaineacht a dhíothú i dtíortha i mbéal forbartha trí chúnamh a thabhairt dóibh chun trádáil agus infheistíocht a ghiaráil, fás cuimsitheach, inbhuanaithe a neartú, poist chuibhiúla a chruthú agus comhtháthú réigiúnach a chur chun cinn.

2. I gcomhréir leis na cuspóirí foriomlána sin, is díol sásaimh don Chomhairle an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '*Achieving Prosperity through Trade and Investment: Updating the 2007 Joint EU Strategy on Aid for Trade*' [Rathúnas a bhaint amach tríd an trádáil agus an infheistíocht: straitéis chomhpháirteach an Aontais 2007 maidir le cúnamh don trádáil a nuashonrú].[2] Spreagann an Chomhairle cur chun feidhme pras na ngníomhaíochtaí atá beartaithe arb é is aidhm leo feabhas a chur ar thionchar eacnamaíoch agus tionchar inbhuanaitheachta AfT an Aontais, ag cur leis an réimse leathan beartas agus ionstraimí atá ar fáil don Aontas.

3. Ag meabhrú di a conclúidí roimhe seo a bhaineann le cúnamh don trádáil[3], tugann an Chomhairle dá haire, ó sheol an Eagraíocht Dhomhanda Trádála an tionscnamh in 2005, rannchuidigh AfT an Aontais chun trádáil a phríomhshruthú i straitéisí forbartha na dtíortha comhpháirtíochta agus cuireadh maoiniú intuartha ar fáil leis a thacaíonn lena gcomhtháthú sa trádáil dhomhanda agus réigiúnach agus lena mbaineann siad tairbhe aisti. Mar sin féin, ní raibh gach tír i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbartha (LDCanna), in ann tairbhe a bhaint as an trádáil idirnáisiúnta.

[1] IO L 210, 30.6.2017, lch 1

[2] 14312/17 - COM(2017) 667 final

[3] An tAontas Eorpach agus Slabhra Luacha Domhanda atá Freagrach (8833/16), Maoiniú don Fhorbairt (9241/15), An Earnáil Phríobháideach san Fhorbairt (11149/14) agus cur chuige an Aontais i leith na trádála, an fháis agus na forbartha sna deich mbliana amach romhainn (7412/12)

4. Is iad an tAontas gona Ballstáit le chéile na deontóirí is mó AfT ar domhan, a sholáthraíonn níos mó ná EUR 13 billiún chun tacú le hacmhainneacht trádála agus táirgeachta in 2015.[4] Bhain líon mór tíortha i mbéal forbartha tairbhe as AfT ón Aontas gona Ballstáit le deich mbliana anuas ach níl aon mhéadú ag teacht ar na leithdháiltí do LDCanna agus do thíortha leochaileacha nó do thíortha a bhfuil coinbhleachtaí iontu. Níor raibh tionchar níos fearr ann mar gheall ar thearcúsáid na ndeiseanna a thugtar le hionstraimí trádála an Aontais agus ilroinnt AfT.

5. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún bearta a chur chun cinn lena dtugtar aghaidh go héifeachtach ar ilroinnt AfT an Aontais trí úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí maoiniúcháin éagsúla forbartha agus módúlachtaí cabhracha éagsúla, go háirithe ar leibhéal cur chun feidhme sna tíortha comhpháirtíochta. Maidir leis sin, cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart AfT a úsáid ar bhealach éifeachtach chun acmhainní táirgiúla agus forbairt na hearnála príobháidí a neartú sna tíortha comhpháirtíochta. Cuirfidh an tAontas gona Ballstáit feabhas ar chomhordú agus ar chomhleanúnachas AfT acu le cineálacha eile cúnaimh, agus méadóidh siad a ghiaráil trí ionstraimí cumaisc, ráthaíochtaí comhroinnte riosca, cúnamh teicniúil agus fothú acmhainní mar a fheictear sa phlean infheistíochta seachtraí, go háirithe ag tacú le feabhsú na gcuspóir maidir leis an timpeallacht ghnó agus infheistíochta laistigh dá thríú colún.

6. Ag obair le tíortha comhpháirtíochta, cuirfidh an tAontas gona Ballstáit feabhas ar chomhleanúnachas AfT le beartais agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Comhaontuithe Saorthrádála, Comhaontuithe um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch agus an Scéim Ghinearálaithe um Fhabhair (GSP+) d'fhonn tacú le comhtháthú na dtíortha i mbéal forbartha isteach sna slabhraí luacha réigiúnacha agus domhanda agus chun comhtháthú eacnamaíoch réigiúnach a chothú ina leith sin. Cuireann an tAontas gona Ballstáit i dtreis a thábhachtaí atá sé tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na gcaighdeán idirnáisiúnta saothair agus comhshaoil ar cuid lárnach iad den ghlúin nua comhaontuithe trádála de chuid an Aontais agus den GSP+.

[4] Foinse: Tuarascáil faireacháin an Aontais maidir le Cúnamh don Trádáil 2017

7. Athdhearbhaíonn an tAontas gona Ballstáit a thiomanta atá siad do phrionsabail éifeachtacht na forbartha, agus i dtaca leis sin, cuireann siad i dtreis cineál éileamh-thiomanta AfT an Aontais, ag freagairt ar acmhainní agus riachtanais shonracha gach tíre comhpháirtíochta. Méadóidh an tAontas gona Ballstáit tuilleadh tionchar agus éifeachtacht AfT acu trí úsáid a bhaint as cur chuige fianaise-bhunaithe i ndáil le tionscnaimh AfT a cheapadh agus a chur chun feidhme agus, ar an mbealach sin, díriú ar na constaicí ar thrádáil agus infheistíocht.

8. Meabhraíonn an Chomhairle di ról tábhachtach na hearnála príobháidí i dtaobh riachtanais a shainaithint agus athchóirithe a spreagadh sa timpeallacht ghnó agus trádála ar na leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Maidir leis sin, déanfaidh an tAontas gona Ballstáit plé agus comhar a threisiú leis an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, chun tionchar agus ábharthacht AfT a mhéadú, mar a fheictear le bunú an ardáin "Gnóthas Inbhuanaithe don Afraic" faoin bplean infheistíochta seachtraí, ag cur le líonraí grúpaí gnó agus comhlachais tráchtála. Iarrann an Chomhairle freisin ar an gCoimisiún peirspictíochtaí na sochaí sibhialta, na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-údarás áitiúil chun idirphlé beartais agus próisis chinnteoireachta a shaibhriú, soláthar AfT a fheabhsú agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar na torthaí. Ba cheart rannpháirtíocht éifeachtach na sochaí sibhialta, lena n-áirítear na grúpaí intíre comhairliúcháin sna comhshocruithe saorthrádála de chuid an Aontais, a neartú.

9. Tabharfaidh an tAontas gona Ballstáit aird ar leith ar bhonneagar inbhuanaithe ardcháilíochta, comhlíonadh caighdeán, bearta sláintíochta nó fíteasláintíochta, éascú trádála, lena n-áirítear Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála um Éascú Trádála agus digitiú laistigh dá gcabhair AfT. Leanfaidh an tAontas gona Ballstáit de AfT a úsáid chun infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh agus soláthar poiblí atá inbhuanaithe agus trédhearcach a thacú, creataí rialála a fheabhsú chomh maith le margaidh inbhuanaithe talmhaíochta agus iascaigh inbhuanaithe a fhorbairt i dtíortha comhpháirtíochta.

10. Aithníonn an Chomhairle go bhféadann trádáil, infheistíocht agus AfT an Aontais cuidiú leis an athléimneacht a thógáil, fothú acmhainne institiúideach a neartú agus bonn a leagan le haghaidh forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus chuimsitheach. Féadann AfT gníomhú mar spreagadh éifeachtach chun cearta an duine, comhionannas inscne, cumhachtú eacnamaíoch na mban, fiontraíocht na mban, dea-rialachas, an smacht reachta, iompar freagrach gnó, inbhuanaitheacht shóisialta agus chomhshaoil a chur chun cinn, agus chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta. Leagann an Chomhairle béim gur cheart go gcuirfeadh AfT le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus ar an mbealach sin cuidiú le maolú agus oiriúnú ar an athrú aeráide i dtíortha atá i mbéal forbartha. Cuirfidh an tAontas gona Ballstáit san áireamh na saincheisteanna trasearnálacha sin nuair atá cláir AfT á gceapadh acu chun mionanailís láidir a áirithiú ar thionchar cur chun feidhme AfT sna réimsí beartais sin.

11. Cuireann an tAontas gona Ballstáit i dtreis a thiomanta atá siad tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh maidir le AfT do na tíortha is lú forbartha, na tíortha leochaileacha agus na tíortha a bhfuil coinbhleachtaí iontu. Is díol sásaimh don Chomhairle an moladh ón gCoimisiún go méadófaí de réir a chéile cion AfT an Aontais a thugtar do LDCanna, do thíortha leochaileacha agus tíortha a bhfuil coinbhleachtaí iontu leis an aidhm go mbainfear amach na leibhéil arna sainiú ag an gCoimisiún sa teachtaireacht AfT uaidh[5]. Ba cheart riachtanais na dtíortha talamhiata atá i mbéal forbartha agus na stáit oileánacha bheaga atá i mbéal forbartha, a bhfuil éascú na trádála agus bonneagar trádála thar a bheith tábhachtach dóibh chun borradh a chur faoin bhforbairt, a chur san áireamh. Déanfaidh an tAontas gona Ballstáit rannpháirtíocht a shaothrú maidir le AfT le tíortha meán-ioncaim, lena n-áirítear maidir le fothú acmhainní, agus déanfaidh siad cuir chuige éagsúlaithe, saincheaptha a fhorbairt i ndáil leis an gcomhar le tíortha atá céim chun tosaigh i dtreo na forbartha, ag díriú ar réimsí leasa fhrithpháirtigh, agus ar chomhar triantánach agus comhar theas-theas a chur chun cinn.

12. Déanfaidh an tAontas gona Ballstáit AfT an Aontais a neartú trí úsáid agus cáilíocht faireacháin agus measúnaithe a fheabhsú d'fhonn dul chun cinn a rianú maidir le táscairí sonraithe torthaí, tionchar AfT an Aontais a mheasúnú ar bhealach níos beaichte agus dea-chleachtais a shainaithint.

---

[5] 14312/17 - COM(2017) 667 final

13. Athdhearbhaíonn an tAontas gona Ballstáit a thiomanta atá siad cur chuige AfT níos straitéisí a shaothrú i gcomhar le comhpháirtithe forbartha eile agus le heagraíochtaí iltaobhacha, go háirithe EDT, ECFE agus NA agus ar an mbealach sin rannchuidíonn siad go gníomhach leis an bplé domhanda maidir leis an tionscnamh AfT a fheabhsú tuilleadh. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé na prionsabail ábhartha idirnáisiúnta maidir le hiompar freagrach gnó a chur chun cinn agus spreagann sí sineirgí le próisis ábhartha eile, lena n-áirítear tionscnaimh G20.

14. Iarrann an Chomhairle go gcuirfidh an tAontas gona Ballstáit an straitéis nuashonraithe AfT chun feidhme go pras. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin nuashonruithe rialta a chur faoina bráid maidir le dul chun cinn agus torthaí a baineadh amach laistigh den chreat reatha tuairiscithe.